
# Tuarascáil Tearmainn EASO 2020

Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach



## Achoimre Feidhmiúcháin

# Tuarascáil Tearmainn EASO 2020

## An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN**

SUPPORT IS OUR MISSION

Íomhá an chlúdaigh: UN Photo/Eskinder Debebe
Deilbhíní agus léaráidí: iStock by Getty Images, Microsoft 365

© An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, 2020
Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse.

Maidir le grianghraif nó aon ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EASO a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a iarraidh go díreach ó úinéir an chóipchirt.

ISBN 978-92-9485-529-9
DOI 10.2847/91298
Uimhir chatalóige BZ-04-20-293-GA-N

# Brollach

Agus méadú tagtha arís ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san Eoraip in 2019 (den chéad uair ó 2015), is ardtosaíocht i gclár oibre beartais an Aontais i gcónaí é tearmann. De réir mar a athraíonn na treochtaí le himeacht ama, táimid fós ag obair i dteannta a chéile chun na réitigh is fearr a sholáthar do dhaoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu, agus ag an am céanna tá sláine na gcóras náisiúnta tearmainn á caomhnú.

In eagrán 2020 de *Thuarascáil Tearmainn EASO* tugtar forbhreathnú achomair agus cuimsitheach ar phríomhfhorbairtí i gcosaint idirnáisiúnta agus ar fheidhmiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET). Chun a tuarascáil bhliantúil shuaitheanta a tháirgeadh, bailíonn agus déanann EASO anailís ar fhaisnéis ó réimse leathan foinsí iontaofa chun mionscrúdú a dhéanamh ar athruithe agus ar fheabhsuithe beartais le linn na bliana, agus leagtar béim ar na dúshláin atá fós le sárú.




Ó tharla go bhfuil 10 mbliana ar an bhfód á cheiliúradh ag EASO in 2020, smaoinímid ar an méadú atá ag teacht ar thábhacht na gníomhaireachta chomh fada is a bhaineann le cúnamh oibríochtúil agus teicniúil i gcúrsaí tearmainn a chur ar fáil do thíortha AE+. Tá an fhaisnéis a chuireann EASO ar fáil ríthábhachtach chun cur ar chumas lucht déanta beartas cinntí eolasacha a dhéanamh, chun cabhrú le tíortha déileáil le tírdhreach ina bhfuil patrúin imirce atá ag athrú de shíor agus chun údaráis riaracháin náisiúnta a chumhachtú chun sruth leanúnach iarratas a phróiseáil, cás ar chás.

Táimid ag tnúth le fada an lá le rialachán nua a ghlacadh do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, a dhéanfaidh gníomhaireacht lánfheidhme AE de EASO, a neartóidh a ról agus a leathnóidh a sainordú. Mar lárionad saineolais ar thearmann, leanfaidh EASO de thacaíocht sheirbhís-dhírithe, neamhchlaonta agus thrédhearcach a chur ar fáil chun CET a chur chun feidhme go héifeachtach.

Táim buíoch den chomhoibriú leanúnach lenár gcomhpháirtithe uile i dtreo córas tearmainn coiteann, trédhearcach agus inbhuanaithe ar fud na hEorpa. Is féidir le córais éifeachtúla freagairt go tapa do na patrúin athraitheacha i sreabha imirce agus próiseas soiléir, cothrom agus ómósach a áirithiú do gach iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta. Tá staideanna domhanda agus náisiúnta ag teacht chun cinn in 2020 cheana féin, rud a d’fhéadfadh a bheith mar bhonn le níos mó daoine ag lorg tearmainn. Anois, níos mó ná riamh, ní mór dúinn leanúint de bheith ag obair i dtreo chomhchóras Eorpach tearmainn trí chóineasú a bhaint amach chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais le haghaidh cosaint idirnáisiúnta agus chun dlúthpháirtíocht a léiriú leis na Ballstáit is mó atá faoi bhrú.

**Nina Gregori**



Stiúrthóir Feidhmiúcháin
An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn

# Réamhrá

Tugtar forbhreathnú cuimsitheach i *dTuarascáil Tearmainn EASO 2020* ar fhorbairtí i réimse na cosanta idirnáisiúnta ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta. Bunaithe ar réimse leathan foinsí, tugtar léargas gairid sa tuarascáil ar chomhthéacs domhanda an tearmainn, tarraingítear aird ar fhorbairtí san Aontas Eorpach (AE) agus scrúdaítear na príomhthreochtaí agus na príomhathruithe sa reachtaíocht, i mbeartais, i gcleachtais agus i gcásdlí ar fud Bhallstáit AE, na hÍoslainne, Lichtinstéin, na hIorua agus na hEilvéise (tíortha AE+). Dírítear sa tuarascáil ar phríomhréimsí an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET), agus cuirtear san áireamh freisin comhthéacs níos leithne na himirce agus na gceart bunúsach.



# 1. Forléargas domhanda ar réimse an tearmainn in 2019

Tá an t-easáitiú éigeantach de dheasca coinbhleachta, géarleanúna, sáruithe ar chearta an duine, tubaistí nádúrtha agus éiceachórais tháireacha ag tarlú i ndáil leis na milliúin daoine ar fud an domhain atá ag teitheadh óna dtithe ar thóir slándála. Le blianta beaga anuas, ba é coinbhleacht, foréigean foircneach agus éagobhsaíocht thromchúiseach pholaitiúil i roinnt réigiún ar domhan ba chúis le heasáitiú suntasach daonra.

I measc na ndaoine a ndéanann an t-easáitiú difear dóibh tá dídeanaithe, agus is é an sainmhíniú atá luaite le ‘dídeanaí’ duine ar cuireadh iallach air/uirthi teitheadh óna t(h)ír mar gheall ar imní a bhfuil bunús maith leis go ndéanfar géarleanúint air/uirthi mar gheall ar chúiseanna a bhaineann le cine, reiligiún, náisiúntacht, ballraíocht i ngrúpa sóisialta ar leith nó tuairim pholaitiúil. Níor thrasnaigh ‘daoine easáitithe ina dtír féin’ teorainn a dtír féin ach fós d’fhéadfaidís a bheith leochaileach.

I gcomhthéacs na hEorpa, cuimsíonn cosaint idirnáisiúnta stádas dídeanaí agus stádas cosanta coimhdí. Tagraíonn stádas cosanta coimhdí do dhaoine nach gcáilíonn do stádas dídeanaí ach atá incháilithe le haghaidh cosanta toisc go mbaineann baol díobhála tromchúisí leo, arb é pionós an bháis nó forghníomhú an bháis atá i gceist leis; céastóireacht nó íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach sa tír thionscnaimh; nó bagairt thromchúiseach agus aonair ar a mbeatha mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí.

I mí an Mheithimh 2019, thuairiscigh Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) daonra iomlán 79.4 milliún duine, lena n-áirítear 20.2 milliún dídeanaí, 3.7 milliún iarrthóir tearmainn, 531 000 dídeanaí a d’fhill, 43.9 milliún daoine easáitithe ina dtír féin (IDPanna), 2.3 milliún IDP fillte agus 3.9 milliún daoine gan stát a d’fhill faoi shainordú UNHCR.

Ba ionann an 6.6 milliún dídeanaí ón tSiria agus thart ar aon trian den daonra domhanda dídeanaithe, agus ba é an Afganastáin agus an tSúdáin Theas a tháinig ina diaidh, le 2.7 milliún agus 2.2 milliún dídeanaí faoi seach. I gcás na ndaoine a raibh cosaint á lorg acu, ba náisiúnaigh Veiniséalacha an grúpa iarrthóirí tearmainn ba mhó in 2019.

Náisiúnaigh ón tSiria ba ea aon trian de dhaonra dídeanaithe an domhain, agus bhí 6.6 milliún díobh i ndiaidh teitheadh óna dtír féin.

Is minic gurb iad tíortha comharsanacha croílár géarchéime na chéad tíortha a fhreastalaíonn ar dhaoine easáitithe. In 2019, i ndearbhthéarmaí, d’óstáil an Tuirc an líon is mó dídeanaithe, agus ina diaidh ar an liosta bhí an Phacastáin, Uganda, an Ghearmáin agus an tSúdáin. I dtéarmaí coibhneasta, d’óstáil an Liobáin, an Iordáin agus an Tuirc, an sciar is airde dídeanaithe i gcomparáid le méid a gcud daonraí.

De réir mar atá líon na ndaoine easáitithe ag fás ar fud an domhain, tá straitéisí á bhforbairt ag rialtais, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun freagairt go héifeachtach do dhúshláin chasta a eascraíonn as an easáitiú éigeantach. Tionóladh an chéad [Fhóram Domhanda um Dhídeanaithe]() i mí na Nollag 2019 chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar an bplean gníomhaíochta a leagadh síos faoin gComhshocrú Domhanda maidir le Dídeanaithe in 2018. Tugtar aghaidh sa chomhshocrú, i measc nithe eile, ar chomhroinnt freagrachta, ar ghlacadh le dídeanaithe, agus ar thacú le pobail óstacha ar bhealach inbhuanaithe.

Tá tionscnaimh nua fós á bhforbairt ar fud an domhain, rud a fhágann gur féidir réimsí éagsúla den imirce éigeantach a bhrú chun tosaigh agus aghaidh a thabhairt orthu laistigh de phobal níos leithne. Dhá ábhar ar tarraingíodh níos mó airde orthu in 2019 ba ea daoine gan stát agus soghluaisteacht bainteach le cúiseanna aeráide agus comhshaoil.

Is gné í an imirce éigeantach nach dtarraingítear mórán airde uirthi go minic, ach tá níos mó airde dírithe ar chás daoine gan stát i rith 2019 de réir mar a d'éirigh raon feidhme na saincheiste níos soiléire. I mí Dheireadh Fómhair 2019, reáchtáladh Mír Ardleibhéil idirnáisiúnta maidir le Daoine gan Stát ag lárphointe an fheachtais #IBelong, tionscnamh a sheol UNHCR in 2014 a raibh sé mar aidhm leis deireadh a chur le cás daoine gan stát faoi 2024. Ag an ócáid, rinneadh measúnú ar an méid a baineadh amach go dtí seo i dtaca le 10 sprioc an Phlean Gníomhaíochta Domhanda maidir le Deireadh a chur le Daoine gan Stát.

Cé nach feiniméan nua é tionchar na dtubaistí aeráide ar easáitiú daonra, tá ról níos lárnaí á imirt aige i ndioscúrsa daonnúil, beartais agus reachtach maidir le heasáitiú. Spreag an t-aitheantas breise a bhí á thabhairt do thionchar na bhfachtóirí comhshaoil ar shoghluaisteacht an duine plé beartais, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda araon, chun déileáil lena thionchar.

## Sciar na ndídeanaithe agus na dtíortha óstacha ar fud an domhain, 2019

**6.6M**
An tSiria

Tá **1/3** de dhaonra dídeanaithe an domhain comhdhéanta de 6.6 milliún dídeanaí ón tSiria.

**3.6M**
An Tuirc

Tá an líon is mó dídeanaithe á n-óstáil ag an Tuirc, áit a bhfuil 3.6 milliún dídeanaí ón tSiria cláraithe faoi chosaint shealadach.



**1.4M**
An Phacastáin

Tá tuairim is 1.4 milliún dídeanaí á n-óstáil sa Phacastáin, agus is ón Afganastáin a thagann a bhformhór.

**1.3M**
Uganda

Óstálann Uganda thart ar 1.3 milliún dídeanaí, a thagann ón mBurúin, ó Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, ó Ruanda, ón tSomáil agus ón tSúdáin Theas den chuid is mó.

**> 1M**
An Ghearmáin
An tSúdáin

Tá níos mó ná 1 mhilliún dídeanaí á n-óstáil ag an nGearmáin (1.1 milliún) agus ag an tSúdáin (1.1 milliún) freisin.

#TuarascáilTearmainnEASO2020
www.easo.europa.eu/asylum-report-2020
*Foinse: EASO agus UNHCR*

# 2. Forbairtí san Aontas Eorpach

In 2019, níor tugadh aon dul chun cinn mór reachtach faoi deara maidir le glacadh le pacáiste athchóirithe CET. I bhfianaise na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, rinneadh an chaibidlíocht don phacáiste athchóirithe a tharchur chuig an gcéad téarma parlaiminteach eile. Rinneadh dul chun cinn, mar sin féin, i réimsí reachtacha a bhaineann go díreach le tearmann. I mí na Bealtaine 2019, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh le dhá rialachán lena mbunaítear creat d'idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimsí an cheartais agus na ngnóthaí baile. Ina theannta sin, i mí an Mheithimh 2019, ghlac an Chomhairle lena comhsheasamh páirteach maidir leis an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú), a mhol an Coimisiún Eorpach i mí Mheán Fómhair 2018.

Bhí ábhar an tearmainn fós luaite gar do bharr liosta chlár oibre polaitiúil an Aontais Eorpaigh in 2019. Agus an chaibidlíocht reachtach ar feitheamh, rinneadh obair shuntasach maidir le cur chun feidhme beartas agus comhar praiticiúil i measc thíortha AE+. Le Clár Oibre Straitéiseach an Aontais Eorpaigh do 2019-2024, ar ghlac an Chomhairle Eorpach leis i mí an Mheithimh 2019, leagadh síos na príomhthosaíochtaí don chéad timthriall institiúideach eile, lena n-áirítear imirce agus tearmann mar réimsí tosaíochta agus leagadh béim ar leith ar bhainistiú teorainneacha atá bunaithe ar luachanna an AE; comhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais; agus comhdhearcadh a bhfuil géarghá leis maidir leis an athchóiriú ar chóras Bhaile Átha Cliath chun cothromaíocht idir freagracht agus dlúthpháirtíocht a bhaint amach.

I mí Eanáir 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a chlár oibre nua, arb é ceann de na tosaíochtaí atá ann comhshocrú nua a sheoladh ina n-aithneofar an idirnascthacht a bhaineann le gnéithe inmheánacha agus seachtracha na himirce, clár a dhéanfaidh iarracht córais imirce agus tearmainn atá níos athléimní, níos daonnúla agus níos éifeachtaí a bhaint amach.

Ghlac an Chomhairle Eorpach Clár Oibre Straitéiseach an Aontais Eorpaigh do 2019-2024, agus bhí tearmann sonraithe mar réimse tosaíochta

I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur Chun Feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an Imirce inar tugadh aird ar mhóréachtaí atá curtha i gcrích ó 2015 i leith agus inar díríodh ar fhorbairtí in 2019. Cé gur de réir a chéile atá na hathchóirithe reachtacha á ndéanamh, rinneadh dul chun cinn níos tapúla maidir le cur chun feidhme beartas agus comhdhlúthú bhosca uirlisí an AE maidir le bainistiú éifeachtach imirce agus tearmainn, lena n-áirítear tacaíocht mhear oibríochtúil agus airgeadais do Bhallstáit atá faoi níos mó brú.

D'ainneoin an laghdaithe fhoriomláin ar líon na ndaoine atá ag teacht isteach ag teorainneacha seachtracha an Aontais in 2019, tháinig treochtaí éagsúla chun cinn ar fud na mbealaí imirce chun na hEorpa. Ba lú líon na ndaoine a tháinig i dtír ar bhealaí na Meánmhara Thiar agus na Meánmhara Láir i gcomparáid le 2018, agus tháinig méadú ar líon na ndaoine a tháinig í dtír ar bhealaí na Meánmhara Thoir agus na mBalcán Thiar.

Gné lárnach de chur chuige an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar bhealach na Meánmhara Thoir é an chomhpháirtíocht leis an Tuirc tríd an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc. Mar thoradh ar an ráiteas, tar éis ceithre bliana de chur chun feidhme, d'fhan líon na ndaoine neamhrialta ón Tuirc go dtí an tAontas Eorpach 94% níos ísle ná mar a bhí roimh an gcomhaontú, agus athlonnaíodh líon carnach de thart ar 27 000 dídeanaí ón tSiria ón Tuirc chuig tír AE+.

Don tréimhse 2016-2025, leithdháileadh EUR 6 bhilliún ar an iomlán tríd an tSaoráid do Dhídeanaithe chun tacú le dídeanaithe agus le pobail óstacha sa Tuirc, ag díriú ar chúnamh daonnúil, oideachas, sláinte, bonneagar bardasach agus tacaíocht shocheacnamaíoch. Réimse ina bhfuil gá le níos mó dul chun cinn é cur chun feidhme na ndaoine ag filleadh ó oileáin na Gréige go dtí an Tuirc.

Leanadh le díbhordáil na n-imirceach a tarrtháladh sa Mheánmhuir in 2019, rud a tharraing aird ar an ngá atá le cur chuige AE níos córasaí agus níos comhordaithe maidir le díbhordáil lena n-áirítear glacadh céaduaire, clárú agus athlonnú. Mar thoradh ar Chruinniú Aireachta maidir leis an Imirce i mí Mheán Fómhair 2019, ina raibh Ballstáit, Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach páirteach, thug an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil agus Málta Dearbhú Comhpháirteach Intinne chun críche le haghaidh nós imeachta struchtúrtha éigeandála chun díbhordáil agus socruithe athlonnaithe a bhainistiú. Sheol an Coimisiún Eorpach próiseas chun Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha a fhorbairt bunaithe ar an dearbhú, as ar tháinig comhthuiscint i measc na mBallstát agus atá á chur i bhfeidhm go hoibríochtúil.

I rith 2019 tugadh tús áite don athlonnú ar an gclár oibre beartais a bhaineann le tearmann. Is cuid lárnach d’iarrachtaí comhchoiteanna an Aontais é cosaint a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil gá acu lena leithéid trí dhídeanaithe a aistriú ó thír tearmainn go stát eile a chomhaontaigh iad a ligean isteach agus, i ndeireadh na dála, socrú buan a cheadú dóibh. Seoladh an Scéim Athlonnaithe Eorpach i mí Iúil 2015 agus, amhail ag mí na Nollag 2019, bhí cabhair tugtha ag dhá chlár athlonnaithe rathúla do bhreis is 65 000 duine.

Le linn 2019, lean an tAontas lena chomhar le comhpháirtithe seachtracha chun brú imirce a bhainistiú trí chur chuige cuimsitheach atá fréamhaithe san iltaobhachas. Áirítear imirce neamhrialta a chosc i measc aidhmeanna na ngníomhaíochtaí curtha chun feidhme faoi ghné sheachtrach bheartas imirce AE; comhar le tríú tíortha maidir le filleadh agus athligean isteach a fheabhsú; aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce trí fheabhas a chur ar na deiseanna atá i dtíortha tionscnaimh agus trí infheistíochtaí i dtíortha comhpháirtíochta a mhéadú; agus conairí dlíthiúla chun na hEorpa a áirithiú dóibh siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Ina ról chun léirmhíniú agus cur i bhfeidhm comhchuibhithe dhlí an AE a áirithiú, d’eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) 12 bhreithiúnas in 2019 a bhain le réamhrialuithe ar CET a léirmhíniú. Mar shampla, rialaigh an Chúirt maidir leis an méid seo a leanas:

- Infheidhmeacht na Treorach maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn (athmhúnlú) i ndáil le cosaint idirnáisiúnta atá i mBallstáit cheana féin agus ról na n-institiúidí breithiúnacha i gcinntí céadchéime a aisiompú;
- Cosaint idirnáisiúnta a chúlghairm agus bailíocht forálacha áirithe sa Treoir maidir le Cáilitheacht (athmhúnlú);
- Coinníollacha ábhartha glactha a aistarraingt mar chineál smachtbhanna, i bhfianaise na Treorach maidir le Coinníollacha Glactha (athmhúnlú) Airteagal 20(4); agus
- Measúnú ar chleithiúnaithe a mheastar a bheith ina mbaill teaghlaigh níos leithne (ní garghaolta) agus gnéithe nós imeachta an nós imeachta athaontaithe teaghlaigh.

Chomh maith leis sin, léirigh an Chúirt príomhchoincheapa agus gnéithe teicniúla chóras Bhaile Átha Cliath i bhfianaise Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus shoiléirigh sí réamh-shaincheisteanna mar thoradh ar aistarraingt na Ríochta Aontaithe ón AE (Brexit).




*Foinse: EASO.*

In 2019, shroich cúnamh oibríochtúil EASO leibhéil nach bhfacthas riamh roimhe nuair a comhordaíodh imlonnú os cionn 900 duine (lena n-áirítear foireann EASO, saineolaithe ó thíortha AE+, oibrithe sealadacha gníomhaireachta, ateangairí, idirghabhálaithe cultúrtha agus pearsanra slándála) i gceithre Bhallstát (an Chipir, an Ghréig, an Iodáil agus Málta). Caitheadh beagnach 40% de bhuiséad bliantúil na gníomhaireachta ar thacaíocht oibríochtúil in 2019.

I réimse na tacaíochta tríú tír, sholáthair EASO gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta in 2019 i dtíortha na mBalcán Thiar, sa Tuirc agus i dtíortha sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh (MENA).

# 3. Sonraí maidir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn

In 2019, cuireadh beagnach 740 000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta faoi bhráid thíortha AE+, sin méadú 11% i gcomparáid le 2018. Ba é seo an chéad uair ó ghéarchéim na himirce in 2015 gur thosaigh líon na n-iarratasóirí ag dul i méid, i bpáirt mar gheall ar líon na n-iarratas ó Veiniséala agus ó náisiúnaigh eile de chuid Mheiriceá Laidinigh a bheith ag dul i méid go suntasach. Go deimhin, is in 2019 a fuair na tíortha is mó glactha, amhail an Fhrainc, an Ghréig agus an Spáinn, níos mó iarratasóirí ná mar a fuair siad le linn ghéarchéim na himirce.


Leanadh d'iarratais a bheith á ndíriú ar líon beag Ballstát. In 2019, fuair an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Spáinn níos mó ná leath na n-iarratas uile a fuair tíortha AE+, agus ina dhiaidh sin ar an liosta bhí an Ghréig. I gcodarsnacht leis sin, bhí i bhfad níos lú iarratas faighte ag an Iodáil don dara bliain as a chéile, rud a bhain leis an imirce neamhrialta laghdaithe feadh bhealach na Meánmhara Láir. Ag dul ó líon absalóideach go líon coibhneasta, bunaithe ar ríomhanna EASO, fuair an Chipir, an Ghréig agus Málta an líon is mó iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcoibhneas lena ndaonra.




Méadú ar líon na n-iarratas taiscthe i dtíortha AE+ in 2019 i gcomparáid le 2018

B'ionann trí thír tionscnaimh agus an ceathrú cuid de na hiarratais uile ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+ in 2019. I ndearbhuimhreacha, chuir iarratasóirí ón tSiria tuairim is 80 000 iarratas isteach, ón Afganastáin (thart ar 61 000) agus ó Veiniséala (thart ar 46 000). Go minic d'fhéadfadh go mbeadh ról ag teanga, naisc chultúrtha nó gaireacht gheografach san áit ina gcuirtear iarratas isteach. B'amhlaidh an cás go hiondúil do Mheiriceánaigh Laidineacha (Veiniséalaigh agus Colómaigh, ach freisin do náisiúnaigh de chuid Ghuatamala, Hondúras agus Nicearagua) a thaisc iarratais sa Spáinn go príomha. D'fhéadfadh freisin sé go mbeadh ról ag taisteal gan víosa san áit a dtaisctear iarratas. Treocht shuntasach nua in 2019 ba ea méadú ar líon na n-iarratas a thaisc saoránaigh tíortha nach dteastaíonn víosa uathu chun dul isteach i limistéar Schengen, líon arbh ionann é agus níos mó ná an ceathrú cuid de na hiarratais uile (thart ar 188 500).

**Fíor 1. Líon na n-iarratas ó na tíortha is mó san Eoraip a ghlacann le daoine, 2018-2019**




*Foinse: Eurostat.*

In 2019, d'eisigh tíortha AE+ tuairim is 585 000 cinneadh maidir le hiarratais chéadchéime. Thug sé sin le fios go bhfuil laghdú ag teacht ar líon na gcinntí a rinneadh maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta ó 2016 i leith. Bhí cúig thír freagrach as trí cheathrú de na cinntí uile a rinneadh maidir le cosaint idirnáisiúnta: An Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn. Is ar náisiúnaigh de chuid na hAfganastáine, na Siria agus Veiniséala, a eisíodh an chuid is mó de na cinntí céadchéime, arb ionann iad agus an ceathrú cuid de na cinntí uile a rinneadh i dtíortha AE+ in 2019. In 2019 eisíodh níos mó cinntí d'iarratasóirí ó Veiniséala, an Cholóim, an tSalvadóir, an Phalaistín, an Túinéis, Maracó agus Éimin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.


Bhí dhá chúigiú de na cinntí céadchéime dearfach, is é sin le rá, stádas dídeanaí a cheadú (arb ionann é agus níos mó ná leath de na cinntí dearfacha uile), cosaint choimhdeach nó cosaint dhaonnúil (a ceadaíodh i scaireanna atá beagnach comhionann).

Forbairt shuntasach in 2019 ba ea líon na gcinntí dearfacha ceadaithe d'iarratasóirí ó Veiniséala. In 2019 bhí an ráta glactha le haghaidh Veiniséalach cothrom le 96%, i gcomparáid le díreach 29% in 2018. Áirítear i measc na náisiúntachtaí eile a bhfuil rátaí arda glactha acu: Siriaigh (86%), Eiritréaigh (85%) agus Éiminigh (82%). I gcodarsnacht leis sin, fuair iarratasóirí ón Mhacadóin Thuaidh agus ón Mholdóiv an céatadán is ísle de chinntí dearfacha, 1% an ceann.

Tháinig méadú 20% ar líon na n-iarratas a aistarraingíodh in 2019 agus bhí líon na n-iarratas sin beagnach cothrom le 69 500. Is féidir le hiarratais aistarraingthe, go háirithe iarratais intuigthe, feidhmiú mar sheachtháscaire d'éalú agus de thús a bheith á chur le gluaiseachtaí tánaisteacha i dtreo tíortha eile AE+. Tugann sonraí sealadacha Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta EASO (EPS) le tuiscint go raibh beagnach trí cheathrú de na hiarratais uile a aistarraingíodh ag an gcéadchéim in 2019 intuigthe. I gcomhréir leis an léirmhíniú sin, tharla formhór na n-aistarraingtí sna Ballstáit túslíne, amhail an Ghréig agus an Iodáil, arbh ionann iad le chéile agus níos mó ná dhá chúigiú de na haistarraingtí ar fad.


Faoi dheireadh 2019, bhí beagnach 912 000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta fós ag fanacht ar chinneadh i dtíortha AE+, arbh ionann é agus beagnach 1% níos mó ná in 2018. Ar an iomlán, bhí an riaráiste fós i bhfad níos airde ná na leibhéil réamh-ghéarchéime, rud a léiríonn an brú méadaithe atá ar chórais tearmainn an Aontais Eorpaigh faoi láthair. Lean an Ghearmáin de bheith ag déileáil leis an líon is mó cásanna oscailte go dtí seo, ach i gcodarsnacht le go leor tíortha eile AE+, tháinig laghdú ar an líon iomlán idir deireadh 2018 agus deireadh 2019. Bhí stoc suntasach cásanna ar feitheamh sa Bheilg, sa Ghréig, sa Fhrainc, sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe. Léiríonn ríomhanna bunaithe ar shonraí Eurostat agus EASO go raibh níos mó ná leath de na cásanna ar feitheamh cinnidh, nó os cionn 540 000, ar feitheamh ag an gcéadchéim. I ngach tír ina raibh méaduithe suntasacha ar líon na gcásanna ar feitheamh, ba é a bhí mar bhonn leis an treocht, tríd is tríd, go raibh níos mó iarratas á dtaisceadh, agus dá bhrí sin, tharla formhór an riaráiste ag an gcéadchéim.

**Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+ ar feitheamh, ag deireadh na bliana, 2014-2019**




*Foinse: EASO agus Eurostat.*

**Na 20 tír thionscnaimh leis an líon is mó iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+, 2019**




**+20%**

Méadú ar líon na n-iarratas aistarraingthe in 2019

**+59%**

Méadú ar iarratais ó thíortha atá díolmhaithe ó cheanglas víosa in 2019

**1/4**

Tháinig 1/4 de na hiarratais ar fad ar chosaint idirnáisiúnta ó **3 thír**: **An tSiria**, **An Afganastáin** agus **Veiniséala**

#TuarascáilTearmainnEASO2020
www.easo.europa.eu/asylum-report-2020
*Foinse: EASO*

# 4. Nós Imeachta Bhaile Átha Cliath



Is é an aidhm atá le Rialachán Bhaile Átha Cliath III modh soiléir agus inoibrithe a shainiú le cinneadh a dhéanamh maidir le cén Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar gach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Is é an cuspóir atá leis ráthaíocht a thabhairt go mbeidh rochtain éifeachtach ag iarratasóirí ar nósanna imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a cheadú agus go ndéanfaidh Ballstát aonair, a ainmneofar go soiléir, scrúdú ar iarratas. Má thagann sé chun solais, tar éis critéir Bhaile Átha Cliath a scrúdú, go bhfuil Ballstát eile freagrach as iarratas a phróiseáil, foráiltear le córas Bhaile Átha Cliath go bhféadfar an t-iarratasóir a aistriú go fisiciúil chuig an mBallstát freagrach ainmnithe.

Bunaithe ar shonraí a malartaíodh trí EPS de chuid EASO, tháinig méadú 3% ar líon na gcinntí ar iarrataí amach Bhaile Átha Cliath in 2019 i gcomparáid le 2018. B'ionann sin agus beagnach 145 000 cinneadh ar fad, lena n-áirítear iarrataí agus iarrataí ar athscrúdú. B'ionann an cóimheas idir cinntí Bhaile Átha Cliath agus iarratais ar thearmann a thaisceadh agus 20% in 2019, rud a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint go raibh líon ard iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ag leanúint de ghluaiseachtaí tánaisteacha ar fud thíortha AE+.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, fuair an Ghearmáin agus an Fhrainc an líon is mó cinntí mar fhreagra ar iarrataí Bhaile Átha Cliath, agus is ionann gach ceann acu agus díreach faoi bhun an tríú cuid de na cinntí iomlána. Ba í an Iodáil an phríomhthír a d'fhreagair iarrataí, agus ba ina diaidh a tháinig an Ghearmáin, an Spáinn, an Ghréig agus an Fhrainc. Laghdaigh an ráta glactha foriomlán do chinntí ar iarrataí Bhaile Átha Cliath, arna thomhas de réir chéatadán na gcinntí lena nglactar le freagracht as gach cinneadh a eisíodh, don dara bliain as a chéile sa bhliain 2019, go 62%.

In 2019, chuir tíortha AE+ tuairim is 27 200 aistriú chun feidhme, arbh ionann é agus 3%níos lú ná in 2018

Tháinig laghdú suntasach ar easghairm Airteagal 17(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath, ar a dtugtar clásal lánroghnach nó clásal ceannasachta, in 2019 go dtí 6 900 cás. Faoin gclásal sin, féadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú, fiú mura bhfuil sé freagrach as faoi na critéir i Rialachán Bhaile Átha Cliath III.

Chuir tíortha AE+ thart ar 27 200 aistriú chun feidhme, laghdú 3% i gcomparáid le 2018, rud atá i gcomhréir leis an laghdú beag ar iarrataí ar glacadh leo. Chuir an Ghearmáin thart ar 30% d'aistrithe chun feidhme, agus chuir an Fhrainc (20%), an Ísiltír (11%), an Ghréig (9%), an Pholainn agus an Ostair (5% an ceann) chun feidhme.

Is beag forbairt reachtach agus beartais a bhain le nós imeachta Bhaile Átha Cliath in 2019, ach amháin i gcás tíortha ina raibh ardú suntasach ar líon na n-iarratasóirí ar thearmann a áiríodh mar chuid de nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath, amhail an Bheilg agus an Ísiltír. Bhain formhór na bhforbairtí sin le hathruithe institiúideacha agus eagraíochtúla chun riaráistí a laghdú agus éifeachtúlacht a mhéadú laistigh de chóras Bhaile Átha Cliath.

Ar feitheamh athchóiriú ar chóras Bhaile Átha Cliath amach anseo, lean cúirteanna Eorpacha agus náisiúnta ag léirmhíniú roinnt de na rialacháin agus de na treoracha, agus treoir a chur ar fáil bunaithe ar chásanna aonair. Faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III, Airteagal 3(2), beidh na Ballstáit freagrach as iarratas a scrúdú má tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go bhfuil lochtanna sistéamacha sa phróiseas tearmainn agus sna coinníollacha glactha sa Bhallstát a d'ainmneofaí mar chinn fhreagracha bunaithe ar chritéir Bhaile Átha Cliath. In 2019, níor cuireadh aistrithe chuig tíortha eile ar fionraí go córasach chuig aon Bhallstát. Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór i gcleachtais sna Ballstáit nuair a chuirtear aistrithe chuig Ballstáit shonracha Bhaile Átha Cliath ar fionraí.

Chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta in iúl go raibh imní orthu faoi bhearnaí sa mhodheolaíocht agus faoi fheidhmiú chóras Bhaile Átha Cliath sa chleachtas. Ba cheart cearta iarratasóirí a chosaint, agus gluaiseachtaí tánaisteacha go Ballstát eile a chosc ag an am céanna. Ba cheart go mbeadh dreasachtaí dearfacha ann d'iarratasóirí agus do thíortha araon nósanna imeachta an chórais a leanúint, seachas go mbeadh Ballstáit ag cur le líon na srianta.

# 5. Mionaoisigh neamhthionlactha agus iarratasóirí leochaileacha

Áirítear in acquis tearmainn an Aontais Eorpaigh forálacha maidir le hiarratasóirí a bhfuil ráthaíochtaí nós imeachta speisialta de dhíth orthu a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Ar an iomlán, baineann dúshlán fós le hiarratasóirí leochaileacha a shainaithint go héifeachtach agus go pras, go háirithe maidir le leochaileachtaí dofheicthe, amhail iarmhairtí síceolaíocha na céastóireachta nó an tráma.

Áirítear mar cheann de na príomhghrúpaí i measc iarratasóirí leochaileacha, mionaoisigh neamhthionlactha atá ag lorg cosanta agus nach bhfuil duine fásta freagrach ag tabhairt aire dóibh. In 2019, thaisc mionaoisigh neamhthionlactha thart ar 17 700 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+, arbh ionann é agus laghdú 13% i gcomparáid le 2018. B'ionann iarratais ó mhionaoisigh neamhthionlactha agus 2% de líon iomlán na n-iarratas.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, seoladh go leor tionscnamh in 2019 a raibh sé mar aidhm leo staid iarratasóirí leochaileacha a fheabhsú. Bhunaigh roinnt tíortha bearta le haghaidh sainaithint agus soláthar luath coimircí nós imeachta. Cuireadh bearta i gcrích freisin chun modheolaíochtaí measúnaithe aoise a fheabhsú nó a choigeartú, agus lean eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta le súil a choinneáil ar bhearnaí agus ar easnaimh sa phróiseas. Tugadh isteach athruithe reachtacha agus beartais le haghaidh ionadaíocht dhlíthiúil chun dlús a chur faoi cheapadh caomhnóirí agus chun caighdeán an chórais caomhnóireachta trí chéile a fheabhsú.

Tá droch-choinníollacha glactha agus coinneála iarratasóirí tearmainn ar mionaoisigh gan tionlacan iad fós ina n-ábhar imní i roinnt tíortha

Labhair eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta faoin bpróiseas ceapacháin a fheabhsú, faoi raon feidhme cúraimí caomhnóra, faoi chumarsáid idir an t-ionadaí agus an leanbh, agus faoi ualach oibre agus oiliúint an chaomhnóra go ginearálta. Chun faisnéis a sholáthar ar bhealach níos soiléire, rinne roinnt tíortha AE+ ábhar cumarsáide maidir le tearmann agus glacadh a chur in oiriúint do riachtanais shonracha mionaoiseach. Mar sin féin, níor cumhdaíodh grúpaí leochaileacha eile sna tionscnaimh sin de ghnáth.


I nósanna imeachta céadchéime, níor tuairiscíodh ach roinnt tionscnamh a bhain le nósanna imeachta do mhionaoisigh a fheabhsú agus leas an linbh a áirithiú. Is cosúil go bhfuil níos mó airde dírithe ar nósanna imeachta a fheabhsú do chailíní atá i mbaol ciorrú ball giniúna ban (FGM), íospartaigh foréigin teaghlaigh, íospartaigh gáinneála agus iarratasóirí leispiacha, aeracha, trasinscneacha agus idirinscneacha (LADTI).

Maidir le coinníollacha glactha, bhí na hiarrachtaí a rinne tíortha AE+ in 2019 dírithe ar acmhainn a choigeartú ag saoráidí agus ar cháilíocht na gcoinníollacha glactha a mhéadú do mhionaoisigh agus d'iarratasóirí leochaileacha; saoráidí speisialaithe glactha a fheabhsú; agus oiliúint a chur ar bhaill foirne a bhfuil iarratasóirí leochaileacha á mbainistiú acu, mionaoisigh neamhthionlactha go háirithe. Mar sin féin, chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta in iúl go raibh imní orthu faoi dhroch-choinníollacha glactha do dhaoine leochaileacha i roinnt tíortha. Ina theannta sin, ardaíodh ceisteanna bunúsacha i roinnt mhaith tíortha AE+ nuair a coinníodh iarratasóirí leochaileacha, go háirithe leanaí, agus rinneadh roinnt rialuithe bunaithe air i gcúirteanna Eorpacha agus náisiúnta.

Ba ábhar imní d'údaráis náisiúnta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar fud na hEorpa cás na mionaoiseach neamhthionlactha. Mar gheall ar chúiseanna éagsúla agus casta, lena n-áirítear fad an phróisis tearmainn agus forálacha Rialachán Bhaile Átha Cliath III, déanann leanaí neamhthionlactha iarracht go minic fanacht gan aithint agus idirthuras a dhéanamh trí thír amháin nó níos mó chun dul chomh fada le Ballstát ar leith.

## Mionaoisigh neamhthionlactha

### ag lorg cosanta idirnáisiúnta, 2019



# 6. Buaicphointí ar an leibhéal náisiúnta

Tugadh roinnt forbairtí faoi deara i bpríomhréimsí téamacha CET a cuireadh chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta in 2019.

### Rochtain ar nós imeachta

Dhírigh formhór thíortha AE+ ar nósanna imeachta náisiúnta tearmainn a chur chun feidhme agus a fheabhsú de réir athruithe ar reachtaíocht, ar bheartas agus ar chleachtas a tugadh isteach le blianta beaga anuas. Áiríodh i measc na n-athruithe sin ó bhlianta roimhe seo ionaid teachta a bhunú, teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach chun tacú le hiarratasóirí a shainaithint agus cur le dualgas an iarratasóra comhoibriú agus an doiciméadacht uile agus an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar ag luathchéimeanna an nós imeachta.

Bhí díospóireacht phoiblí dírithe ar cheisteanna bunúsacha dlíthiúla, polaitiúla agus sochaíocha maidir le teorainneacha seachtracha an Aontais, go háirithe i ndáil le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála sa Mheánmhuir, díbhordáil agus athlonnú. D'aithin an Coimisiún Eorpach go bhfuil gá a bhí le réiteach sealadach níos struchtúrtha agus thosaigh sé ag comhordú gníomhaíochta chun díbhordáil shábháilte agus athlonnú tapa na n-imirceach a tarrtháladh a chinntiú, agus tá sé beartaithe aige nósanna imeachta oibríochtúla caighdeánacha a fhorbairt.

Mar bheart chun teorainneacha talún a rialú ar bhealach níos doichte, tá roinnt Ballstát tar éis rialuithe ag teorainneacha inmheánacha Schengen a athbhunú ar bhonn sealadach. Mar sin féin, lean eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ag tuairisciú maidir le brú siar ag teorainneacha talún agus mara, aistriú gan aitheantas cuí agus tréimhsí fada feithimh le haghaidh clárúcháin agus lóistín.

### Rochtain ar fhaisnéis

Tá faisnéis de dhíth ar dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu maidir lena staid ionas go mbeidh siad in ann a riachtanais chosanta agus a gcúinsí pearsanta a chur in iúl go hiomlán agus ionas go ndéanfar iad a mheasúnú go cuimsitheach agus go cothrom.

In 2019, lean tíortha AE+ ag cur leis na modhanna chun faisnéis a sholáthar d'iarrthóirí tearmainn agus do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta araon, uaireanta trí thionscadail chomhpháirteacha le ENRanna nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta. De ghnáth, cuireadh faisnéis ar fáil i dteangacha éagsúla trí ardáin faisnéise, bileoga faisnéise, bróisiúir, gearrthóga físe nó feidhmchláir fóin chliste. San fhaisnéis a chuireann tíortha ar fáil faoi láthair, ní hamháin go n-áirítear gnéithe den nós imeachta tearmainn, ach áirítear ina measc freisin samplaí den saol laethúil sa tír óstach, lánpháirtiú, filleadh, athlonnú agus feachtais feasachta. Cuirtear roinnt ábhair in oiriúint d'iarratasóirí leochaileacha go háirithe.

### Cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil

In 2019, bhunaigh tíortha AE+ athruithe reachtacha chun comhairleoireacht dlí agus comhairle dlí saor in aisce a chur ar fáil agus a fhorbairt do gach iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta trí chláir náisiúnta éagsúla. Chuir tíortha AE+ tionscadail nua chun feidhme a bhaineann le cúnamh dlí, chomh maith le leanúint ar aghaidh le tionscadail nó tionscadail a bhí ann roimhe seo a fhorbairt. I measc na n-ábhar imní a chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta in iúl bhí cúiteamh airgeadais íseal ar chúnamh dlíthiúil; easpa saoráidí leordhóthanacha chun agallaimh ullmhúcháin agus agallaimh phríobháideacha a dhéanamh; easpa rochtana ar chúnamh dlí chun achomhairc a dhréachtú i gcoinne cinntí céadchéime nó easpa cúnaimh dhlíthiúil a chuir an rialtas ar fáil d'iarratasóirí tearmainn in ionaid choinneála, rud a d'fhág go raibh ENRanna ag soláthar cúnamh dlí *pro bono*.

### Ateangaireacht

Ba cheart seirbhísí ateangaireachta a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh an malartú faisnéise idir an t-iarratasóir agus an t-údarás tearmainn cruinn agus go dtuigfidh an dá pháirtí é.

In 2019, i measc na n-athruithe sa réimse sin bhí na buiséid a leithdháileadh le haghaidh soláthar ateangaireachta a leathnú, líon na n-ateangairí a mhéadú, tuilleadh eolais a chur ar fáil i níos mó teangacha trí mheáin éagsúla, teicneolaíochtaí nua-aimseartha a sheoladh chun tacú le hateangaireacht agus cleachtais a chur in oiriúint do riachtanais reatha. Ar na dúshláin a bhí roimh thíortha AE+ bhí easpa pearsanra ag céimeanna áirithe den nós imeachta tearmainn agus easpa cáilíochtaí ag na hateangairí atá páirteach sa phróiseas.

### Nósanna imeachta speisialta

Le linn scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ag an gcéadchéim, féadfaidh na Ballstáit nósanna imeachta speisialta a úsáid – amhail nósanna imeachta brostaithe, nósanna imeachta teorann nó nósanna imeachta tosaíochta – le linn dóibh a bheith ag cloí leis na bunphrionsabail agus na ráthaíochtaí atá leagtha amach i reachtaíocht tearmainn na hEorpa.

In 2019, chuir an Iodáil agus an Eilvéis nósanna imeachta nua i bhfeidhm maidir le hiarratais a rinneadh ag an teorainn. Ina theannta sin, rinne roinnt tíortha AE+ athruithe ar a liostaí náisiúnta de thíortha sábháilte tionscnaimh, agus thug tíortha eile – amhail an Chipir agus an Iodáil – na liostaí sin isteach den chéad uair. Baineadh úsáid as nós imeachta brostaithe sa Chipir den chéad uair, agus ó mhí an Mhárta 2019 ar aghaidh, chuir an Eilvéis nós imeachta brostaithe i bhfeidhm d'fhonn teacht ar chinneadh i bhformhór na gcásanna laistigh de 140 lá.

Chomh maith leis sin, dhírigh tíortha AE+ ar chritéir a shainiú d'iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ina dhiaidh sin ionas nach mbainfí mí-úsáid as an gcóras tearmainn trí iarratais atriallacha a chomhdú gan aon fhiúntas.

Laistigh den chreat de nós imeachta rialta nó speisialta, thug roinnt tíortha tús áite don mheasúnú ar iarratais ó ghrúpaí sonracha iarratasóirí ionas go ndéanfaí iad a phróiseáil roimh iarratais eile. Mar shampla, mar gheall ar mhéadú mór ar iarratasóirí as Veiniséala agus as tíortha eile Mheiriceá Laidinigh, thug an Spáinn tosaíocht dá gcásanna chun dlús a chur le cinntí.

### Nósanna imeachta ag an gcéadchéim

Chun éifeachtúlacht phróiseáil na n-iarratas a fheabhsú agus chun amanna próiseála a laghdú ag an gcéad chéim, chuir tíortha AE+ leasuithe reachtacha, athruithe institiúideacha, bearta praiticiúla agus modhanna nua oibre chun feidhme. Áirítear ar na dúshláin a tharraing eagraíochtaí na sochaí sibhialta anuas nósanna imeachta ag an gcéadchéim a bhí thar a bheith fada go fóill, ar nósanna iad a chuaigh thar theorainneacha dlíthiúla go minic.

### Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta

Dhírigh tíortha AE+ ar chur chun feidhme na n-athruithe suntasacha a tugadh isteach in 2018 maidir le nósanna imeachta glactha náisiúnta a eagrú. Rinne roinnt tíortha mionchoigeartú ar a gcreataí institiúideacha chun an próiseas cur chun feidhme a éascú, agus lean tíortha eile de bheith ag iarraidh cur leis an gcóiríocht don líon méadaithe iarratasóirí. Rinne roinnt tíortha a gcumas glactha a dhíscálú.

Chun feabhas a chur ar choinníollacha glactha, bhunaigh roinnt tíortha treoirlínte, cuireadh monatóireacht chun feidhme, tháinig méadú ar mhaoiniú agus thug siad faoi chleachtaí ionsamhlúcháin.

Bhí roinnt tionscnamh le linn na bliana dírithe ar thréimhse, raon feidhme agus coinníollacha na teidlíochta ar choinníollacha ábhartha glactha a athrú do ghrúpaí áirithe iarratasóirí. Tugadh faoi thionscnaimh freisin chun aghaidh a thabhairt ar iompraíocht shuaiteach agus chun sábháilteacht a áirithiú ag saoráidí glactha. Bhí na cúirteanna an-ghníomhach maidir le dul i ngleic le heasnaimh i gcórais ghlactha náisiúnta, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin ghlactha thar theorainneacha náisiúnta i gcomhthéacs aistrithe Bhaile Átha Cliath.

Mar sin féin, shainaithin UNHCR agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta easnaimh maidir le rochtain ar thithíocht, ar chúram sláinte agus ar oideachas do leanaí agus don óige.

### Coinneáil

Thug tíortha AE+ reachtaíocht nó leasuithe nua isteach chun forais choinneála agus roghanna eile ar choinneáil a shainiú nó a mhionsaothrú tuilleadh i gcomhthéacs na nósanna imeachta tearmainn agus fillte araon. Tugadh aghaidh sa reachtaíocht ar shaincheisteanna a bhain le hiarratasóirí neamh-chomhoibríocha; iarratasóirí ar bagairt nó contúirt iad do shlándáil náisiúnta na tíre óstaí; cásanna d'iompar suaiteach nó ionsaitheach; agus an riosca éalaithe. Ina theannta sin, rinneadh coinneáil a nascadh tuilleadh le dlús a chur le nósanna imeachta tearmainn agus le filleadh a fhorfheidhmiú.

Tugadh faoi deara freisin, i roinnt tíortha go raibh iarracht á déanamh beartais a aistriú i dtreo roghanna eile ar choinneáil a aithint. Díreach mar a tharla in 2018, chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta imní in iúl i roinnt tíortha nuair a cuireadh reachtaíocht tearmainn AE chun feidhme go mícheart i ndáil le hiarratasóirí tearmainn a choinneáil agus cosaintí laistigh den nós imeachta coinneála. Lean an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) de bheith gníomhach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar choinníollacha coinneála, agus cearta na n-iarratasóirí a shoiléiriú ag an am céanna.

### Nósanna imeachta ag an dara céim

Áiríodh i measc na bpríomhréimsí forbartha in 2019 éifeacht fionraíochta achomharc i gcoinne cinntí céadchéime; athruithe maidir le teorainneacha ama le haghaidh achomharc; athstruchtúrú institiúideach chun an t-údarás atá freagrach as achomhairc a shainiú; coimircí a bhunú d'iarratasóirí; agus bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta dara céime a fheabhsú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua a úsáid.

Tríd is tríd, dhá ghné shuntasacha maidir le nósanna imeachta ag an dara céim in 2019 fós ba ea riaráiste na gcásanna achomhairc agus fad na n-imeachtaí, agus bhunaigh roinnt tíortha AE+ bearta chun líon na n-achomharc atá ar feitheamh a laghdú. Ós rud é go raibh líon suntasach de na cinntí ar feitheamh ag an dara céim, bhí deis ag cúirteanna agus binsí, trína gcinntí, cur i bhfeidhm praiticiúil an nós imeachta tearmainn agus réimsí eile de CET a mhúnlú tuilleadh.

### Faisnéis faoin tír thionscnaimh

Mar gheall ar líon mór iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ó thíortha tionscnaimh éagsúla le blianta beaga anuas, tá bearta nithiúla glactha ag tíortha AE+ chun feabhas a chur ar raon agus ar cháilíocht na faisnéise a chuirtear ar fáil faoi thír thionscnaimh.

In 2019, neartaíodh comhoibriú agus comhroinnt saineolais i measc thíortha AE+, obair a bhíonn á comhordú ag EASO trí líonraí speisialaithe go minic. Ina theannta sin, d'infheistigh go leor tíortha in oiliúint foirne ar mhodheolaíocht taighde ar Thíortha Tionscnaimh, agus bhí misin aimsithe fíoras fós ina bpríomhuirlis chun faisnéis a bhailiú agus chun eolas mionsonraithe a thiomsú faoin staid i dtíortha tionscnaimh nó idirthurais go háirithe.

Áiríodh ar na dúshláin i réimse na dTíortha Tionscnaimh an easpa foinsí i dteangacha náisiúnta, easpa eolais mhionsonraithe maidir le roinnt tíortha tionscnaimh nó próifílí iarratasóirí, agus an deacracht a bhaineann le rochtain a fháil ar fhaisnéis nuashonraithe faoi thíortha ina dtagann athrú tapa ar chúrsaí.

### Daoine gan stát

Is dhá chatagóir ar leith iad daoine gan stát agus tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta sa dlí idirnáisiúnta, ach d'fhéadfaí glacadh le duine mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta agus mar dhuine gan stát araon. I gcomhthéacs an tearmainn, d'fhéadfadh daoine gan stát difear a dhéanamh don phróiseas cinnteoireachta maidir le hiarratas ar chosaint, agus do na coimircí nós imeachta.

Ghlac roinnt tíortha AE+ céimeanna i dtreo aghaidh a thabhairt ar an duine gan stát in 2019, lena n-áirítear aontú ionstraimí dlíthiúla idirnáisiúnta ábhartha, nósanna imeachta tiomnaithe chun cinneadh a dhéanamh i leith daoine gan stát a bhunú, rochtain ar shaoránacht tráth breithe a éascú, rochtain ar eadóirseacht a éascú, ábhar na cosanta do dhaoine gan stát a fheabhsú, dlús a chur leis an bpróiseas chun daoine gan stát a chinneadh, agus foráil a dhéanamh maidir le bailiú sonraí daonáirimh faoi dhaoine gan stát. Mar sin féin, tá an chuma ar an scéal go bhfuil dúshláin fós le sárú ag daoine gan stát ag céimeanna éagsúla den nós imeachta tearmainn, idir rochtain ar choinneáil agus fhilleadh.

### Inneachar na cosanta

Is féidir le daoine a bhfuil cineál cosanta idirnáisiúnta ceadaithe dóibh i dtír AE+ leas a bhaint as cearta agus sochair éagsúla. Bhí forbairtí éagsúla i reachtaíocht, i mbeartais agus i gcleachtas maidir le hinneachar na cosanta ar fud thíortha AE+ in 2019, agus dá bhrí sin, bhí sé deacair treochtaí ginearálta a shainaithint.

De ghnáth, dhéileáil tionscnaimh le riachtanais ar leith i ngach tír, agus bhí siad curtha in oiriúint do phróifílí sonracha na dtairbhithe sna tíortha sin. Bhain go leor forbairtí le linn na bliana le straitéisí náisiúnta lánpháirtíochta go ginearálta agus le stádas cosanta a athbhreithniú, a scor agus a chúlghairm.

Thug roinnt tionscnamh reachtach aghaidh ar raon feidhme na teidlíochta ar athaontú teaghlaigh agus ar na critéir chun teaghlaigh a athaontú, agus d'fhorbair roinnt tíortha bearta cuimsitheacha chun rannpháirtíocht náisiúnach tríú tír i margadh an tsaothair a mhéadú.

### Filleadh iar-iarratasóirí

In 2019 lean tíortha AE+ lena n-iarrachtaí chun leigheas a shainaithint le haghaidh filleadh éifeachtach daoine nach raibh aon cheart acu fanacht san Aontas Eorpach, lena n-áirítear iar-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Ina *Anailís Bhliantúil Riosca i gcomhair 2020*, thug Frontex le fios go raibh líon na gcinntí maidir le filleadh a eisíodh in 2019 i bhfad níos mó ná líon na bhfilltí éifeachtacha a rinneadh sa bhliain chéanna.

Sa chomhthéacs sin, bhí sé mar aidhm ag roinnt leasuithe reachtacha a thug tíortha AE+ isteach filleadh a éascú trí oibleagáidí breise comhair, deireadh a chur le héifeacht fionraíochta na n-achomharc i gcoinne chinntí um fhilleadh, deiseanna coinneála a mhéadú agus nósanna imeachta maidir le filleadh a bhrostú.


Tugadh isteach bearta praiticiúla, lena n-áirítear treoirlínte nua agus socruithe teicniúla, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha, amhail mí-úsáid tacaíochta airgeadais chun filleadh agus an baol éalaithe tar éis cinneadh diúltach a eisiúint. Ina theannta sin, sheol agus chuir tíortha AE+ tionscadail chun feidhme a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar cháilíocht an phróisis um fhilleadh agus cearta bunúsacha a urramú ag an am céanna. Chomh maith leis sin, leanadh leis na hiarrachtaí cainéil a sholáthar le haghaidh filleadh deonach cuidithe iar-iarratasóirí.

### Cláir athlonnaithe agus ligean isteach daonnúil

I rith 2019, rinne tíortha AE+ dul chun cinn chun an sprioc 50 000 imirceach a athshocrú a bhaint amach, mar a beartaíodh sna moltaí ón gCoimisiún Eorpach ó 2017 faoi dhara Scéim Athlonnaithe an Aontais Eorpaigh.

In 2019, tháinig tuairim is 30 700 duine chun na hEorpa trí athlonnú, 8% níos mó ná 2018. Mar a tharla le trí bliana anuas, ba Siriaigh iad beagnach dhá thrian de na daoine athlonnaithe. Ag freagairt do ghairm a rinne an Coimisiún Eorpach, gheall tíortha AE+ 29 500 áit athlonnaithe eile a chur ar fáil don bhliain 2020.

# Príomhchéimeanna an nós imeachta




#TuarascáilTearmainnEASO2020
www.easo.europa.eu/asylum-report-2020
*Foinse: EASO*

# Conclúidí

In 2019, tháinig méadú ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san Eoraip ón gcead uair ó 2015 i leith. Sa chomhthéacs sin, lean tíortha AE+ lena n-iarrachtaí chun a gcórais tearmainn a chalabrú tuilleadh agus chun réitigh ar chosaint idirnáisiúnta a fheabhsú, ag cur le tionscnaimh a tugadh isteach sna blianta roimhe sin.

Mar a leagadh amach sa tuarascáil, bhí an méid seo a leanas i measc na mórfhorbairtí:

- Tá riaráiste na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta fós ag feitheamh ar chinneadh i bhfad níos airde i gcomparáid leis an leibhéal a bhí ann roimh 2015, rud a léiríonn an brú méadaithe atá ar chórais tearmainn agus ghlactha AE+ atá fós ag feidhmiú.
- Tharraing gluaiseachtaí tánaisteacha iarratasóirí níos mó airde i measc thíortha AE+ agus cuireadh leis na díospóireachtaí faoi fheidhmiú reatha nós imeachta Bhaile Átha Cliath.
- Lean tíortha AE+ ag cur béime ar chlárú agus ar bhailiú tapa faisnéis mhionsonraithe ó iarratasóirí ag luathchéimeanna an nós imeachta tearmainn chun idirdhealú níos éifeachtúla a dhéanamh idir na daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu agus na daoine a dtreorófar dóibh filleadh. Tharla an méid sin taobh le bearta chun nósanna imeachta teorann a fheabhsú.
- Mhéadaigh na hiarrachtaí ar fud thíortha AE+ chun tacú le riachtanais iarratasóirí atá leochaileach, ó shainaithint luath agus coimircí nós imeachta a sholáthar go dtí saoráidí speisialaithe glactha a fheabhsú agus ábhair faisnéise saincheaptha a fhorbairt go háirithe d’iarratasóirí ar mionaoisigh neamhthionlactha iad.
- Agus líon mór cásanna ar feitheamh ag an dara céim, lean cúirteanna agus binsí de ról tábhachtach a bheith acu maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil fhorálacha an acquis tearmainn Eorpaigh a mhúnlú.
- Ainneoin iarrachtaí leanúnacha a bheith á ndéanamh ag tíortha AE+ chun réitigh a shainaithint le haghaidh filleadh éifeachtach daoine nach raibh aon cheart acu fanacht san Aontas Eorpach, lena n-áirítear iar-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, bhí líon na bhfilltí iarbhíre i bhfad níos ísle ná líon na gcinntí maidir le filleadh.
- In éagmais dul chun cinn suntasach reachtach chun pacáiste athchóirithe CET a ghlacadh, rinneadh obair mhór i gcur chun feidhme beartais agus i gcomhar praiticiúil i réimse an tearmainn i measc thíortha AE+.
- Bhí díospóireacht phoiblí dírithe ar cheisteanna bunúsacha maidir le teorainneachta seachtracha an Aontais Eorpaigh, go háirithe i ndáil le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála sa Mheánmhuir, díbhordáil agus athlonnú sábháilte imirceach sábháilte. Chuir an méadú ar shreabhadh imirce feadh bhealach na Meánmhara Thoir leis an mbrú a bhí ann cheana ar chórais tearmainn na mBallstát sa réigiún. Chun cuidiú le Ballstáit túslíne feadh bhealaí na Meánmhara Láir agus Thoir, in 2019 chuir EASO feabhas ar, agus nuair ba ghá, leathnaigh sí an tacaíocht oibríochtúil a bhí á cur ar fáil aici don Chipir, don Ghréig, don Iodáil agus do Mhálta.

Leagann na treochtaí a sonraíodh i d*Tuarascáil Tearmainn EASO 2020* síos an cúlra don bhliain reatha. Ina theannta sin, beidh ról ríthábhachtach ag an ráig dhomhanda nua COVID-19 i bhforbairtí a bhaineann le tearmann a mhúnlú trí aird a tharraingt ar an ngá atá le cur chuige nuálach chun urraim iomlán a áirithiú don cheart chun tearmainn. Agus an Comhaontú Nua um Imirce agus Tearmann á dhréachtú faoi láthair, d’fhéadfadh ceachtanna foghlamtha ó phaindéim COVID-19 a bheith luachmhar chomh fada is a bhaineann le nósanna imeachta tearmainn i dtíortha AE+ a nuachóiriú agus a fheabhsú.

ISBN 978-92-9485-529-9